Aonad 2

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Conas a Dhéantar Cánacha

## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí 2



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**1.** Cuir isteach na focail atá ar iarraidh sna habairtí seo thíos.

**a.** Úsáidtear cánacha **P**_______ gan daoine a spreagadh chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don **tS**_______. Úsáideann an rialtas an t-airgead ó na cánacha seo chun réimse **e**_______ agus **s**_________ a chur ar fáil. Sampla den chineál seo cánach ná an Cháin ar **D**_________ Siúcra-Mhilsithe.

**b.** Úsáidtear an t-ioncam ó chánacha **P**_________ chun tionscnaimh ar leith a mhaoiniú a laghdaíonn an tionchar diúltach ar an rud ar a ngearrtar cáin. Sampla den chineál seo cánach ná an Tobhach ar **M**_________ Plaisteacha.

**2.** Léigh an t-eolas seo thíos agus freagair na ceisteanna.

Tugadh an Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha isteach in 2002. Ghearr gnóthaí tobhach 15c ar mhálaí plaisteacha ag an bpointe díolacháin. Roimh an tobhach seo, bhí tomhaltóirí ábalta málaí plaisteacha a fháil saor in aisce agus iad ag ceannach earraí, m.sh. éadaí, bia agus deochanna. Chun aird a tharraingt ar na buntáistí comhshaoil a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar dhramhaíl ó mhálaí plaisteacha, seoladh feachtas poiblíochta a chosain €358,000.

Sular tugadh an tobhach seo isteach, meastar gur dháil gnóthaí in Éirinn os cionn 1.2 billiún mála plaisteach saor in aisce – b'ionann é agus 328 mála an duine in aghaidh na bliana in Éirinn.

Ta tobhach 22c ar gach mála plaisteach anois agus deirtear go bhfuil laghdú 95% ar úsáid bruscar málaí plaisteacha. Bailíonn miondíoltóirí an tobhach thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus íoctar é isteach i gCiste Comhshaoil a úsáidtear chun tacú le tionscadail chomhshaoil, m.sh. ionaid athchúrsála cathartha a oibriú, clár na Scoileanna Glasa agus feachtais feasachta dramhaíola.

**a.** In áit málaí plaisteacha a cheannach i siopaí, ainmnigh **dhá** rogha eile is féidir le tomhaltóirí a úsáid agus iad ag siopadóireacht.
i. ________________________ ii. _________________________

**b.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a cheapann tú go raibh tionchar dearfach / diúltach ag an tobhach ar mhálaí plaisteacha nuair a tháinig sé isteach ó thaobh na heacnamaíochta, an chomhshaoil agus cúrsaí sóisialta de.

**Cúis 1**

**Cúis 2**

**c.** Tabhair breac-chuntas ar thionscnamh **amháin** a d'fhéadfá a thabhairt isteach i do scoil chun laghdú a dhéanamh ar úsáid málaí plaisteacha.

## 3.

An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

| | Ráiteas | Fíor / Bréagach |
|---|---|---|
| 1. | Tugtar Tithe an Oireachtais ar Dháil Éireann agus Seanad Éireann | |
| 2. | Tugtar Céim an Choiste ar an dara céim i gcéimeanna de Bhille | |
| 3. | Tugtar Tánaiste ar cheannaire Rialtas na hÉireann | |
| 4. | Tá 60 seanadóir i Seanad Éireann | |
| 5. | Nuair a théann billí tríd an Seanad seoltar é go huathoibríoch chuig Uachtarán na hÉireann le síniú | |

**4.** Meaitseáil céimeanna de Bhille leis an míniú ceart sna spásanna thíos.

| Céimeanna | Míniú |
|---|---|
| 1. An Chéad Chéim | **A.** Pléitear prionsabail ghinearálta an Bhille |
| 2. Céim an Choiste | **B.** Ráitis deiridh a thabhairt ar an mBille |
| 3. An Chéim Dheiridh | **C.** Déantar mionscrúdú ar an mBille, alt ar alt agus is féidir leasuithe a dhéanamh |
| 4. An Dara Céim | **D.** Déantar meas ar leasuithe ón Tríú Céim |
| 5. Céim na Tuarascála | **E.** Cuirtear an Bille faoi bhráid an Tí |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**5.** Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

**a.** Is sampla í an Cháin ar Tháirgí Tobac de **cháin Pheaca / cáin Pigou**.

**b.** Is féidir le **hairí rialtais / baill den phobal** billí a thabhairt chun cinn.

**c.** Tugtar an **Taoiseach / Tánaiste** ar leascheannasaí Dháil Éireann.

**d.** Is sampla de **cháin Pheaca / cáin Pigou** é an tobhach ar mhálaí plaisteacha.

**e.** Tugtar an **Chomh-Aireacht / cábán** ar an Taoiseach, ar an Tánaiste agus ar na hAirí.